Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6005/22**

**FIN 122**
**PE-L 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |

1. I gcomhréir leis na gníomhartha ábhartha bunaithe agus, i gcás an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus Comhghnóthas SESAR, i gcomhréir freisin le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[1], ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh a thabharfar do na comhghnóthais.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil an 21 Eanáir agus ag an gcruinniú an 25 Eanáir, scrúdaigh comhaltaí an Choiste um an mBuiséad naoi dtuarascáil bhliantúla shonracha[2] ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na Comhghnóthais agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna atá leagtha amach san Aguisín.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh; agus

– féachaint chuige go gcuirtear ar aghaidh iad chuig Parlaimint na hEorpa agus an dréacht-litir san Aguisín a fhormheas chuige sin.

---

[2] IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir leis na gníomhartha ábhartha bunaithe agus, i gcás an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus Comhghnóthas SESAR, i gcomhréir freisin le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[1], táim ag cur chugat i ndoiciméad ar leithligh[2] na moltaí ón gComhairle, an 15 Márta 2022, maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Mise le meas,

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2 6005/22 + ADD 1.